V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11163 — TRAFIGURA / MOTA-ENGIL / LAH / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 204/15)

1. An 5 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Trafigura Lobito Investments PTE Ltd ('Trafigura', Singeapór), fochuideachta de chuid Trafigura Group PTE Ltd, arb é príomhchuideachta shealbhaíochta Trafigura Group,

— Me Lobito SGPS, LDA ('Mota-Engil', an Phortaingéil), fochuideachta de chuid Mota-Engil SGPS S.A., arb é príomhchuideachta shealbhaíochta Mota-Engil Group,

— Lobito Atlantic Holdings SGPS, LDA ('LAH', an Phortaingéil), eintiteas nua atá faoi rialú comhpháirteach.

Gheobhaidh Trafigura agus Mota-Engil rialú comhpháirteach ar LAH de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an eintitis nua atá faoi rialú comhpháirteach:

— Is trádálaí tráchtearraí neamhspleách é Trafigura Group a dhéanann speisialtóireacht i margaí na hola, na mianraí agus na miotal. Tá dhá phríomhlíne ghnó ag Trafigura Group, mar atá trádáil fhisiceach tráchtearraí agus lóistíocht ghaolmhar, lena n-áirítear loingseoireacht agus cairtfhostú, agus gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann le bonneagar tionsclaíoch,

— Is corparáid ilnáisiúnta é Mota-Engil Group ag a bhfuil oibríochtaí dírithe ar thógáil agus ar bhainistiú bonneagair in earnálacha na hinnealtóireachta agus na tógála, an chomhshaoil agus na seirbhísí, na lamháltas iompair agus an fhuinnimh. Feidhmíonn Mota-Engil Group in 22 thír san Eoraip, i Meiriceá Laidineach agus san Afraic,

— Tógfaidh LAH, trína fhochuideachta oibriúcháin Lobito Atlantic Railway, S.A. an líne iarnróid Lobito-Luau atá suite in Angóla, déanfaidh sé cothabháil ar an líne agus oibreoidh sé í, chun earraí a iompar idir Lobito, cathair chalafort in Angóla, agus na ceantair máguaird, amhail réigiún Copperbelt na Saimbia agus Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11163 — TRAFIGURA / MOTA-ENGIL / LAH / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.